C/2026/2941

28.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12382 — CVC / DSM ANIMAL NUTRITION AND HEALTH BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2941)

1. An 19 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— gnó cothaithe ainmhithe agus sláinte ainmhithe (an 'spriocghnó) DSM-Firmenich AG ('DSM', an Eilvéis).

Gheobhaidh CVC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an spriocghnó ó DSM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Cistí CVC a bhfuil leasanna aici i gcuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear in earnálacha seirbhísí airgeadais, ceimiceán, fóntas, monaraíochta, miondíola agus dáilte,

— Is táirgeoir domhanda comhábhair chothaithe ainmhithe é an spriocghnó, atá ag feidhmiú thar cúig chroílínte gnó: táirgí riachtanacha (vitimíní agus caraitéanóidigh), réitigh feidhmíochta, réamh-mheascáin, seirbhísí beachta agus comhábhair dhea-bholaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12382 — CVC / DSM ANIMAL NUTRITION AND HEALTH BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.